



2024/1756

26.6.2024

RIALACHÁN (AE) 2024/1756 ÓN gCOIMISIÚN
an 25 Meitheamh 2024

lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán (AE) 2023/915 ón gCoimisiún maidir le huasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe i mbia

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CEE) Uimh. 315/93 ón gComhairle an 8 Feabhra 1993 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le héilleáin i mbia ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 2(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2023/915 ón gCoimisiún ⁽²⁾ leagtar síos uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe i mbia. Léirítear leis an tairt a fuarthas ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin go bhfuil easpa soiléireachta ann maidir le roinnt pointí i dtábla Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin. Tá sé riachtanach na pointí sin a shoiléiriú dá bhrí sin.
- (2) In éagmais rialacha sonracha maidir le sampláil agus anailís chun rialú a dhéanamh ar uasleibhéil le haghaidh scléaróit eargóit i ngráin ghránaigh neamhphróiseáilte seachas gráin seagail neamhphróiseáilte, déantar foráil le pointe 1.8.1 de thábla Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/915 go bhfuil an tsampláil agus an anailís sin le déanamh i gcomhréir le cuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 401/2006 ón gCoimisiún ⁽³⁾. Ós rud é gur leagadh síos idir an dá linn rialacha sonracha maidir le sampláil agus anailís chun rialú a dhéanamh ar uasleibhéil le haghaidh scléaróit eargóit le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2782 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾, ba cheart an tagairt do Rialachán (CE) Uimh. 401/2006 i bpointe 1.8.1 de thábla Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/915 a scriosadh.
- (3) Le pointe 1.9.5 de thábla Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/915, leagtar amach uasleibhéil le haghaidh tocsainí T-2 agus HT-2 in earraí bÁCála ina bhfuil 90 % táirgí muilleála coirce ar a laghad. Beartaítear an t-uasleibhéil seo a chur i bhfeidhm ar earraí bÁCúis a bhfuil cion ard coirce iontu. I roinnt mhaith cásanna, bíonn níos lú ná 90 % de tháirgí muilleála coirce i dtáirgí bÁCála a bhfuil cion ard coirce iontu, amhail cácaí coirce, de ghnáth bíonn idir 75 % agus 85 %, bunaithe ar thairtí ar chomhdhéanamh an bhia atá ar fáil ar an margadh. Dá bhrí sin, ba cheart pointe 1.9.5 de thábla Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/915 a leasú dá réir.
- (4) In éagmais rialacha sonracha maidir le sampláil agus anailís chun rialú a dhéanamh ar uasleibhéil le haghaidh alcalóidigh thrópáin i mbia do naíonáin agus bia gránachbhunaithe próiseáilte do naíonáin agus leanaí óga, déantar foráil le pointe 2.2.1 de thábla Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/915 go bhfuil an tsampláil agus an anailís sin le déanamh i gcomhréir le cuid J d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 401/2006 ón gCoimisiún. Ós rud é gur leagadh síos idir an dá linn rialacha sonracha maidir le sampláil agus anailís chun rialú a dhéanamh ar uasleibhéil le haghaidh alcalóidigh thrópáin le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2783 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾, ba cheart an tagairt do Rialachán (CE) Uimh. 401/2006 i bpointe 2.2.1 de thábla Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/915 a scriosadh.

⁽¹⁾ IO L 37, 13.2.1993, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/1993/315/oj>.

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 2023/915 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2023 maidir le huasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe i mbia agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 (IO L 119, 5.5.2023, lch. 103, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/915/oj>).

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 401/2006 ón gCoimisiún an 23 Feabhra 2006 lena leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse chun rialú oifigiúil a dhéanamh ar na leibhéil míceatocsainí in earraí bia (IO L 70, 9.3.2006, lch. 12, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2006/401/oj>).

⁽⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2023/2782 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2023 lena leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse chun rialú a dhéanamh ar na leibhéil míceatocsainí i mbia agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 401/2006 (IO L, 2023/2782, 15.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2782/oj).

⁽⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2023/2783 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2023 lena leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse chun rialú a dhéanamh ar na leibhéil tocsainí plandaí i mbia agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2015/705 (IO L, 2023/2783, 15.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2783/oj).

- (5) An t-uasleibhéal i bpointe 2.3.2 de thábla Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/915 le haghaidh aigéad hidricianach i ros lín a chuirtear ar an margadh don tomhaltóir deiridh, ba cheart é a bheith infheidhme go neamhspleách ar chéim phróiseála an rois lín chun sábháilteacht an tomhaltóra a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart an pointe sin a leasú dá réir.
- (6) Ós rud é go gcuirtear coirce neamhphróiseáilte a bhfuil crotal orthu ar an margadh, ba cheart feidhm a bheith ag an uasleibhéal le haghaidh éilleán i gcoirce neamhphróiseáilte a leagtar amach i bpointí 1.2.9 agus 1.5.1 de thábla Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/915 maidir le coirce neamhphróiseáilte a bhfuil crotal orthu, fiú mura bhfuil an crotal inite.
- (7) Tá sé d'aidhm ag Rialachán (AE) 2023/915 uasleibhéil éilleán a leagan síos le haghaidh gránaigh neamhphróiseáilte a chuirtear ar an margadh ag an gcéim díreach roimh phróiseáil chéadchéime. Ós rud é nach bhfuil an fhoclaíocht reatha beacht a dóthain, ba cheart, dá bhrí sin, an fhoclaíocht sin a cheartú sna hiontrálacha ábhartha i dtábla Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/915.
- (8) I gcás ócratocsain A, súitear uasleibhéal i bpointe 1.2.10 de thábla Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/915 maidir le táirgí a fhaightear ó ghráin ghránaigh neamhphróiseáilte seachas táirgí a liostaítear in iontrálacha eile agus le haghaidh gránach a chuirtear ar an margadh don tomhaltóir deiridh. Tá easpa soiléireachta sa phointe ábhartha. Chun aon mhíthuiscint a sheachaint, ba cheart an pointe ábhartha a cheartú chun a shoiléiriú nach dtagraíonn an fhoclaíocht 'a chuirtear ar an margadh don tomhaltóir deiridh' ach do 'ghránaigh' agus ní do 'tháirgí a fhaightear ó ghráin ghránaigh neamhphróiseáilte'.
- (9) Eisítear táirgí ríse ó bhia áirithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/915. Chun raon feidhme an eisiaimh sin a shoiléiriú, ba cheart cion na dtáirgí ríse a shainmhíniú sna pointí ábhartha i dtábla Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/915.
- (10) I gcás searailionóin, bunaítear uasleibhéal i bpointe 1.5.3 de thábla Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/915 le haghaidh gránach a chuirtear ar an margadh don tomhaltóir deiridh, plúr gránaigh, seimilín, bran agus ginidín mar tháirge deiridh a chuirtear ar an margadh don tomhaltóir deiridh seachas táirgí a liostaítear in iontrálacha eile. Tá easpa soiléireachta sa phointe ábhartha. Chun aon mhíthuiscint a sheachaint, ba cheart an pointe ábhartha a cheartú chun a shoiléiriú nach dtagraíonn an fhoclaíocht 'a chuirtear ar an margadh don tomhaltóir deiridh' ach do 'gránaigh, bran agus ginidín' agus ní do 'plúr gránaigh agus seimilín'.
- (11) Ba cheart foclaíocht na heisceachta i bpointe 2.3.1 de thábla Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/915 a ailíniú leis na huasleibhéil le haghaidh aigéad hidricianach in olashíolta le haghaidh brúite agus scagtha ola le foclaíocht na heisceachta leis na huasleibhéil le haghaidh aflatocsainí i bpiseanna talún (piseanna talún) agus olashíolta eile le haghaidh brúite i gcás táirgeadh ola glasraí scagtha a leagtar amach i bpointe 1.1.4 den tábla sin. Dá bhrí sin, ba cheart pointe 2.3.1 de thábla Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/915 a cheartú dá réir.
- (12) Chun débhríocht a d'fhéadfadh a bheith ann a réiteach agus chun forfheidhmiú uasleibhéal le haghaidh dé-ocsainí agus défheinilí polaclóirínithe (PCBanna) i dtáirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a fheabhsú, ba cheart foclaíocht na ráiteas maidir leis na táirgí sin i roinn 4 de thábla Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/915 a cheartú.
- (13) Chun forfheidhmiú comhsheasmhach na n-uasleibhéal le haghaidh dé-ocsainí agus PCBanna i bhfiarfheoil a áirithiú, ba cheart soiléiriú ar na speicis ainmhithe as a dtagann an fheoil a chur isteach i bpointe 4.1.1.8 de thábla Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/915.
- (14) Bhí neamhréireachtaí ann maidir le forfheidhmiú na n-uasleibhéal le haghaidh hidreacarbóin iltimthriallacha aramatacha i dtáirgí áirithe do naónáin agus do leanaí óga arna mbunú le Rialachán (AE) 2023/915. Chun na neamhréireachtaí sin a sheachaint, ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir táirgí a chuirtear ar an margadh mar pháid agus táirgí a chuirtear ar an margadh mar leacht.
- (15) Is éard atá i gceist le scilligeadh cabhail síl a bhaint agus meastar gur cuid den phróiseas glantacháin é. Chun a sheachaint go bhféadfar a mheas gur cuid de phróiseáil chéadchéime é scilligeadh, ba cheart nóta 6 a ghabhann le tábla Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/915 a cheartú dá réir.
- (16) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2023/915 a leasú agus a cheartú dá réir.
- (17) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/915 i gcomhréir le Cuid A den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Ceartaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/915 i gcomhréir le Cuid B den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Meitheamh 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

CUID A

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/915 mar a leanas:

1. sa tábla, i roinn 1 (míceatocsainí), san iontráil maidir le scléaróit eargóit agus alcalóidigh eargóit, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad phointe 1.8.1:

1.8.1	Scléaróit eargóit	Uasleibhéal (g/kg)	Tráchtanna
			Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir le gráin ghránaigh neamhphróiseáilte a chuirtear ar an margadh le haghaidh próiseáil chéadchéime ⁽⁶⁾ . I gcás ina ndéantar sciúradh ⁽⁶⁾ agus scléaróit eargóit a bheith ann, cuirfear céim ghlanta i bhfeidhm ar na gránaigh ar dtús sula ndéanfar iad a sciúradh.'

2. sa tábla, i roinn 1 (míceatocsainí), san iontráil maidir le tocsainí T-2 agus HT-2, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad phointe 1.9.5:

1.9.5	Earraí báicéara ina bhfuil 75 % táirgí muilleála coirce ar a laghad	100	Lena n-áirítear earraí beaga bÁCála.'
-------	---------------------------------------------------------------------	-----	---------------------------------------

3. sa tábla, i roinn 2 (tocsainí plandaí), san iontráil maidir le halcalóidigh thrópáin, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad phointe 2.2.1:

2.2.1	Bianna gránachbhunaithe próiseáilte agus bianna do naíonáin agus do leanaí óga ⁽⁷⁾ , ina bhfuil muiléad, sorgam, ruán, arbhar Indiach nó na táirgí a dhíorthaítear uathu	1,0	1,0	Baineann na táirgí díorthaithe le táirgí arb é atá in 80 % ar a laghad díobh na táirgí gránaigh sin. Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir leis an táirge mar a chuirtear ar an margadh é.'
-------	-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------	-----	-----	---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

4. sa tábla, i roinn 2 (tocsainí plandaí), san iontráil maidir le haigéad hidricianach, lena n-áirítear aigéad hidricianach cuimsithe i nglíocóisídí cianaigineacha, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad phointe 2.3.2:

2.3.2	Ros lín iomlán, meilte, muilleáilte, scoilte, mionghearrtha a chuirtear ar an margadh don tomhaltóir deiridh	150	Níl feidhm ag an uasleibhéal maidir le ros lín iomlán, meilte, muilleáilte, scoilte, mionghearrtha a chuirtear ar an margadh don tomhaltóir deiridh i gcainníochtaí beaga i gcás ina léireofar an rabhadh 'Le haghaidh cócaireachta agus bÁCála amháin. Ná hith agus é amh!' i bpríomhréimse amhairc an lipéid (ag baint úsáid as an gclómhéid shonrach ⁽¹¹⁾). Ros lín iomlán, meilte, muilleáilte, scoilte, mionghearrtha a bhfuil an teachtaireacht rabhaidh air, déanfaidh sé an t-uasleibhéal dá bhforáiltear in 2.3.1 a chomhlíonadh.'
-------	--------------------------------------------------------------------------------------------------------------	-----	---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

CUID B

Ceartaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/915 mar a leanas:

1. sa tábla, i roinn 1 (míceatocsain), san iontráil maidir le hócratocsain, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad phointe 1.2.9 agus phointe 1.2.10:

1.2.9	Gráin ghránaigh neamhphróiseáilte	5,0	Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir le gráin ghránaigh neamhphróiseáilte (i gcás coirce, gráin a bhfuil crotal orthu) a chuirtear ar an margadh le haghaidh próiseáil chéadchéime ⁽⁶⁾ .
1.2.10	Gránaigh a chuirtear ar an margadh le haghaidh an tomhaltóra deiridh Táirgí a fhaightear ó ghráin ghránaigh neamhphróiseáilte seachas na táirgí a liostaítear in 1.2.11, 1.2.12, 1.2.13, 1.2.23 agus 1.2.24	3,0	Lena n-áirítear táirgí gránaigh próiseáilte. Baineann táirgí a fhaightear ó ghráin ghránaigh neamhphróiseáilte le táirgí ina bhfuil ar a laghad 80 % de tháirgí gránaigh.'

2. sa tábla, i roinn 1 (míceatocsain), ceartaítear an iontráil maidir le dí-ocsainiviléanól mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad phointe 1.4.7:

1.4.7	Earraí bÁCála, sneaiceanna gránaigh agus gránaigh bhricfeasta	400	Seachas táirgí ríse (táirgí nach bhfuil comhábhar gránach ann seachas rís nó táirgí próiseáilte ó rís). Lena n-áirítear earraí beaga bÁCála.'
-------	---------------------------------------------------------------	-----	--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

(b) cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad phointe 1.4.9 agus phointe 1.4.10:

1.4.9	Bia do naíonáin agus bia gránachbhunaithe próiseáilte do naíonáin agus leanaí óga ⁽³⁾	150	Seachas táirgí ríse (táirgí nach bhfuil comhábhar gránach ann seachas rís nó táirgí próiseáilte ó rís). Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir le hábhar tirim ⁽³⁾ an tairge mar a chuirtear ar an margadh é.
1.4.10	Bia chun críoch speisialta míochaine a cheaptar do naíonáin agus do leanaí óga ⁽³⁾	150	Seachas táirgí ríse (táirgí nach bhfuil comhábhar gránach ann seachas rís nó táirgí próiseáilte ó rís). Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir le hábhar tirim ⁽³⁾ an tairge mar a chuirtear ar an margadh é.'

3. sa tábla, i roinn 1 (míceatocsain), ceartaítear an iontráil maidir le searailionón mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad phointí 1.5.1. go 1.5.4:

1.5.1	Gráin ghránaigh neamhphróiseáilte seachas na táirgí a liostaítear in 1.5.2	100	Seachas gráin arbhair Indiaigh neamhphróiseáilte atá le próiseáil trí fhlíuchmhulleáil agus seachas rís. Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir le gráin ghránaigh neamhphróiseáilte (i gcás coirce, gráin a bhfuil crotal orthu) a chuirtear ar an margadh le haghaidh próiseáil chéadchéime ⁽⁶⁾ .
1.5.2	Gráin arbhair Indiaigh neamhphróiseáilte	350	Seachas gráin arbhair Indiaigh neamhphróiseáilte a bhfuil sé soiléir ina leith e.g. trína lipéadú nó trína gceann scríbe, go bhfuil sé beartaithe iad a úsáid i bpróiseas fliúchmhulleála amháin (táirgeadh stáirse). Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir le gráin arbhair Indiaigh neamhphróiseáilte a chuirtear ar an margadh le haghaidh próiseáil chéadchéime ⁽⁶⁾ .
1.5.3	Gránaigh, bran agus ginidín a chuirtear ar an margadh don tomhaltóir deiridh Plúr gránaigh agus seimilín Seachas táirgí a liostaítear in 1.5.5, 1.5.6 agus 1.5.8	75	Seachas rís agus táirgí ríse (táirgí nach bhfuil comhábhar gránach ann seachas rís nó táirgí próiseáilte ó rís).
1.5.4	Arán, cístí, brioscaí, sneaiceanna gránaigh agus gránaigh bhricfeasta seachas táirgí a liostaítear in 1.5.5	50	Seachas táirgí ríse (táirgí nach bhfuil comhábhar gránach ann seachas rís nó táirgí próiseáilte ó rís). Lena n-áirítear earraí beaga bÁCála.'

(b) cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad phointe 1.5.8:

1.5.8	Bia do naíonáin agus bia gránachbhunaithe próiseáilte do naíonáin agus leanaí óga ⁽³⁾	20	Seachas táirgí ríse (táirgí nach bhfuil comhábhar gránach ann seachas rís nó táirgí próiseáilte ó rís). Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir le hábhar tirim ⁽⁵⁾ an táirge mar a chuirtear ar an margadh é.'
-------	--------------------------------------------------------------------------------------------------	----	-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

4. sa tábla, i roinn 1 (míceatocsainí), san iontráil maidir le fúmáinisíní, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad phointe 1.6.1:

1.6.1	Gráin arbhair Indiaigh neamhphróiseáilte	4 000	Seachas gráin arbhair Indiaigh neamhphróiseáilte a bhfuil sé soiléir ina leith e.g. trína lipéadú nó trína gceann scríbe, go bhfuil sé beartaithe iad a úsáid i bpróiseas fliúchmhulleála amháin (táirgeadh stáirse). Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir le gráin arbhair Indiaigh neamhphróiseáilte a chuirtear ar an margadh le haghaidh próiseáil chéadchéime ⁽⁶⁾ .
-------	------------------------------------------	-------	-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

5. sa tábla, i roinn 1 (míceatocsainí), ceartaítear an iontráil maidir le tocsainí T-2 agus HT-2 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad phointe 1.9.4:

1.9.4	Earraí bÁCála seachas táirgí a liostaítear in 1.9.5, pasta, sneaiceanna gránaigh agus gránaigh bhricfeasta seachas táirgí a liostaítear in 1.9.6, 1.9.7 agus 1.9.8	20	Seachas táirgí ríse (táirgí nach bhfuil comhábhar gránach ann seachas rís nó táirgí próiseáilte ó rís). Lena n-áirítear earraí beaga bÁCála. Ciallaíonn pasta pasta (tirim) le cion uisce de thart ar 12 %.'
-------	--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------	----	--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

(b) cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad phointe 1.9.9 agus phointe 1.9.10:

1.9.9	Bia do naíonáin agus bia gránachbhunaithe próiseáilte do naíonáin agus leanaí óga ⁽³⁾	10	Seachas táirgí ríse (táirgí nach bhfuil comhábhar gránach ann seachas rís nó táirgí próiseáilte ó rís). Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir le hábhar tirim ⁽⁵⁾ an táirge mar a chuirtear ar an margadh é.
1.9.10	Bia chun críoch speisialta míochaine a cheaptar do naíonáin agus do leanaí óga ⁽³⁾	10	Seachas táirgí ríse (táirgí nach bhfuil comhábhar gránach ann seachas rís nó táirgí próiseáilte ó rís). Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir le hábhar tirim ⁽⁵⁾ an táirge mar a chuirtear ar an margadh é.'

6. sa tábla, i roinn 2 (tocsainí plandaí), san iontráil maidir le halcalóidigh thrópáin, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad phointí 2.2.2 go 2.2.4:

2.2.2	Gráin mhiléad neamhphróiseáilte agus gráin sorgaim	5,0	Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir le gráin ghránaigh neamhphróiseáilte a chuirtear ar an margadh le haghaidh próiseáil chéadchéime ⁽⁶⁾ .
2.2.3	Gráin arbhair Indiaigh neamhphróiseáilte	15	Seachas gráin arbhair Indiaigh neamhphróiseáilte a bhfuil sé soiléir ina leith e.g. trína lipéadú nó trína gceann scribe, go bhfuil sé beartaithe iad a úsáid i bpróiseas fliúchmhuilleála amháin (táirgeadh stáirse) agus seachas gráin arbhair Indiaigh neamhphróiseáilte lena bpléascadh. Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir le gráin arbhair Indiaigh neamhphróiseáilte a chuirtear ar an margadh le haghaidh próiseáil chéadchéime ⁽⁶⁾ .
2.2.4	Gráin ruáin neamhphróiseáilte	10	Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir le gráin ruán neamhphróiseáilte a chuirtear ar an margadh le haghaidh próiseáil chéadchéime ⁽⁶⁾ .'

7. sa tábla, i roinn 2 (tocsainí plandaí), san iontráil maidir le haigéad hidricianach, lena n-áirítear aigéad hidricianach cuimsithe i ngliocóisídí cianaigineacha, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad phointe 2.3.1:

2.3.1	Ros lín neamhphróiseáilte iomlán, meilte, muilleáilte, scoilte, mionghearrtha nach gcuirtear ar an margadh don tomhaltóir deiridh	250	Níl feidhm ag an uasleibhéal maidir le holashíolta le haghaidh brú chun ola glasraí scagtha a tháirgeadh, ar choinníoll nach gcuirtear na holashíolta brúite atá fágtha ar an margadh mar bhia. I gcás ina gcuirtear na holashíolta brúite atá fágtha ar an margadh mar bhia, beidh feidhm ag an uasleibhéal agus Airteagal 3(1) agus (2) á chur san áireamh.'
-------	-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------	-----	----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

8. sa tábla, i roinn 4 (truailleáin orgánacha mharthanacha halaiginithe), ceartaítear an iontráil maidir le dé-ocsainí agus PCBanna mar a leanas:

- (a) cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad phointe 4.1.1:

4.1.1	Feoil agus táirgí feola seachas scairteach inite agus táirgí a liostaítear in 4.1.3 agus 4.1.4 (²)				Níl feidhm ag an uasleibhéal arna sloinneadh ar shaill maidir le bia ina bhfuil níos lú ná 2 % de shaill. I gcás bia ina bhfuil níos lú ná 2 % de shaill, bíonn feidhm ag an uasleibhéal ar bhonn táirge. Déantar an t-uasleibhéal sin a ríomh leis an bhfoirmle seo: An t-uasleibhéal arna shloinneadh ar bhonn táirge (maidir le bia ina bhfuil níos lú ná 2 % de shaill) = an t-uasleibhéal arna shloinneadh ar shaill (maidir leis an mbia sin) × 0,02.'
-------	----------------------------------------------------------------------------------------------------	--	--	--	--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

- (b) cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad phointe 4.1.1.8:

4.1.1.8	de <i>Cervidae</i>	3,0 pg/g de shaill	7,5 pg/g de shaill	-'	
---------	--------------------	--------------------	--------------------	----	--

- (c) cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad phointe 4.1.11 agus phointe 4.1.12:

4.1.11	Bainne amh (²) agus táirgí déiríochta (²)	2,0 pg/g de shaill	4,0 pg/g de shaill	40 ng/g de shaill	Lena n-áirítear saill ime. Níl feidhm ag an uasleibhéal arna sloinneadh ar shaill maidir le bia ina bhfuil níos lú ná 2 % de shaill. I gcás bia ina bhfuil níos lú ná 2 % de shaill, bíonn feidhm ag an uasleibhéal ar bhonn táirge. Déantar an t-uasleibhéal sin a ríomh leis an bhfoirmle seo: An t-uasleibhéal arna shloinneadh ar bhonn táirge (maidir le bia ina bhfuil níos lú ná 2 % de shaill) = an t-uasleibhéal arna shloinneadh ar shaill (maidir leis an mbia sin) × 0,02.
--------	-------------------------------------------	--------------------	--------------------	-------------------	-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

4.1.12	Uibheacha agus táirgí uibhe seachas uibheacha gé ⁽²⁾	2,5 pg/g de shaille	5,0 pg/g de shaille	40 ng/g de shaille	Níl feidhm ag an uasleibhéil arna sloinneadh ar shail maidir le bia ina bhfuil níos lú ná 2 % de shail. I gcás bia ina bhfuil níos lú ná 2 % de shail, bíonn feidhm ag an uasleibhéal ar bhonn táirge. Déantar an t-uasleibhéal sin a ríomh leis an bhfoirmle seo: An t-uasleibhéal arna shloinneadh ar bhonn táirge (maidir le bia ina bhfuil níos lú ná 2 % de shail) = an t-uasleibhéal arna shloinneadh ar shail (maidir leis an mbia sin) × 0,02.'
--------	-----------------------------------------------------------------	---------------------	---------------------	--------------------	------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

9. sa tábla, i roinn 5 (éilleáin phróiseála), ceartaítear an iontráil maidir le hidreacarbóin iltimthriallacha aramatacha mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad phointe 5.1.13:

5.1.13	Bainne foirmle do naíonáin, bainne foirmle leantach do naíonáin ⁽³⁾ agus bainne foirmle do leanáí óga ⁽⁴⁾			Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir leis an táirge mar a chuirtear ar an margadh é.
5.1.13.1	a chuirtear ar an margadh mar phúdar	1,0	1,0	
5.1.13.2	a chuirtear ar an margadh mar leacht	1,0	1,0'	

(b) cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad phointe 5.1.15:

5.1.15	Bia chun críoch speisialta míochaine a cheaptar do naíonáin agus do leanáí óga ⁽³⁾			Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir leis an táirge mar a chuirtear ar an margadh é.
5.1.15.1	a chuirtear ar an margadh mar phúdar	1,0	1,0	
5.1.15.2	a chuirtear ar an margadh mar leacht	1,0	1,0'	

10. cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad phointe 6 atá thíos faoin tábla:

⁽⁶⁾ Ciallaíonn próiseáil chéadchéime aon chóireáil fhisiceach nó theirmeach, seachas triomú an ghráin nó triomú ar an ngráin. Maidir le nósanna imeachta glantacháin, lena n-áirítear sciúradh, scilligeadh, sórtáil (sórtáil datha i gcás inarb infheidhme) agus triomú ní mheasfar gur 'próiseáil chéadchéime' iad sa mhéid go mbíonn an grán ar fad fós slán tar éis an ghlantacháin agus na sórtála. Ciallaíonn sciúradh gránach a ghlanadh trí é a scuabadh agus/nó a sciúradh go tréan, in éineacht le baint deannaigh (e.g. asú). Féadfar sórtáil datha a dhéanamh i ndiaidh an sciúrtha roimh an muilleáil.'